



An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025
(OR. en)

8322/25

LIMITE

CORLX 398
CFSP/PESC 603
RELEX 488
COEST 316
FIN 440

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin¹, go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

¹ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (2) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Chur an Chomhairle Eorpach in iúil gur cheart leanúint de na hiarrachtaí chun cumas feartha cogaidh na Rúise a shrianadh a thuilleadh. Chuir sí in iúl freisin go bhfuil an tAontas faoi réir i gcónaí chun tuilleadh brú a chur ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a ghlacadh.
- (3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.
- (4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 17 duine agus 58 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|--------|--|--|--|--------------------|
| '1928. | Alexey Nikolaevich VYAZNIKOV Rúisis: Алексей Николаевич ВЯЗНИКОВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Central Research Institute 'Elektron') Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 352532426650 | Is Ard-Stiúrthóir é Alexey Vyaznikov ar JSC Central Research Institute 'Elektron', cuideachta taighde agus monaraíochta Rúiseach, a bhuaigh conradh soláthair rialtais chun comhpháirteanna leictreonacha ardteicneolaíochta a fhorbairt agus a tháirgeadh do thionscal cosanta na Rúise. Dá bhrí sin, tá Alexey Nikolaevich Vyaznikov ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus ag baint tairbhe as. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|--|--|--------------------|
| 1929. | Alexey Alexeyevich SHASHKOV Rúisis: Алексей Алексеевич ШАШКОВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Research Institute of Space Instrumentation Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 241102592856 Eintitis chomhlachaithe: JSC Research Institute of Space Instrumentation | Is Ard-Stiúrthóir é Alexey Shashkov ar JSC Research Institute of Space Instrumentation, cuideachta taighde agus monaraíochta Rúiseach a bhuaigh conradh soláthair rialtais chun comhpháirteanna leictreonacha ardteicneolaíochta a fhorbairt agus a tháirgeadh do thionscal cosanta na Rúise. Dá bhrí sin, mar Ard-Stiúrthóir ar JSC Research Institute of Space Instrumentation, tá Alexey Shashkov ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus ag baint tairbhe as. Tá baint aige le JSC Research Institute of Space Instrumentation . | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|--|---|--------------------|
| 1930. | <p>Victor Anatolievich POLYAKOV</p> <p>Rúisis: Виктор Анатольевич ПОЛЯКОВ</p> <p>ar a dtugtar freisin Viktor Anatolyevich POLYAKOV</p> | <p>Feidhm: Stiúrthóir Bainistíochta PJSC ‘UEC-Saturn’</p> <p>Dáta breithe: 26.4.1953</p> <p>Áit bhreithe: Kursk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 761002622912</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: PJSC UEC-Saturn</p> | <p>Is é Victor Anatolievich Polyakov Stiúrthóir Bainistíochta PJSC ‘UEC-Saturn’, atá mar chuid de JSC United Engine Corporation Russia (UECRUS), a bhaineann le State Corporation Rostec.</p> <p>Monaraíonn PJSC ‘UEC-Saturn’ innill do na haerárthaí míleata Su-30, Su-35 agus Su-57 a mbaineann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Thairis sin, táirgeann sé innill le haghaidh na ndiúracán cúrsála straitéiseach aer go talamh Kh-101 a úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise san Úcráin.</p> <p>Mar Stiúrthóir Bainistíochta PJSC ‘UEC-Saturn’, tá Victor Anatolievich Polyakov ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus tá baint aige le PJSC ‘UEC-Saturn’.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|--|--|--------------------|
| 1931. | Konstantin Yuryevich NIKOLAYEV Rúisis: Константин Юрьевич НИКОЛАЕВ | Feidhm: Duine gnó Rúiseach Dáta breithe: 5.3.1971 Áit bhreithe: Dniepropetrovsk, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 771201297011 | <p>Is duine gnó Rúiseach é Konstantin Nikolayev a bhfuil leasanna gnó aige i gcoimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. Go háirithe, tá leasanna aige sna cuideachtaí Rúiseacha Promtekhnologiya LLC, ScanEx agus Tula Cartridge Plant. Oibríonn na cuideachtaí sin i gcomhar le seirbhísí míleata agus slándála na Rúise, agus soláthraíonn siad crua-earraí míleata dóibh a úsáideadh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann Konstantin Nikolayev a úinéireacht agus leas sna gnólachtaí sin i bhfolach, lena n-áirítear trína bhean chéile Svetlana Nikolayeva a shuí i bpoist bhainistíochta shofheicthe. Thairis sin, trína ghnólachtaí, mhaoinigh sé grúpaí amhais atá ag troid ar son Chónaidhm na Rúise san Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Konstantin Nikolayev ag tacú le Rialtas na Rúise agus ag baint tairbhe as, agus tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|--|---|--------------------|
| 1932. | Nikolay Yevgenyevich LOBAEV Rúisis: Николай Евгеньевич ЛОБАЕВ | Feidhm: Comhbhunaitheoir ghrúpa eintiteas Lobaev; scairshealbhóir agus iarArd-Stiúrthóir LLC ‘Trading House “Lobaev Arms”’ Dáta breithe: 1.6.1974 Áit bhreithe: Rostov-on-Don, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 771986198929 Eintitis chomhlachaithe: LLC ‘Trading House “Lobaev Arms”’ Daoine aonair comhlachaithe: Vladislav Yevgenyevich Lobaev | Is scairshealbhóir de LLC ‘Trading House “Lobaev Arms”’ (Lobaev Arms) é Nikolay Lobaev, agus in éineacht lena dheartháir, Vladislav Lobaev, tá sé ina chomhbhunaitheoir ar ghrúpa eintiteas Lobaev. Tá sé ina iarArd-Stiúrthóir ar Lobaev Arms freisin. Olltáirgeann agus saincheapann Lobaev Arms raidhfíli a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Mar scairshealbhóir de chuid Lobaev Arms, tá sé ag baint tairbhe airgeadúil as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thairis sin, tá baint aige le Lobaev Arms agus lena dheartháir Vladislav Lobaev. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|---|--|--------------------|
| 1933. | Elena Anatolyevna LOBAEVA Rúisis: Елена АНАТОЛЬЕВНА ЛОБАЕВА | Feidhm: Úinéir LLC Construction Bureau of Integrated Systems Dáta breithe: 23.1.1974 Áit bhreithe: Volgograd, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 770471404343 Eintitis chomhlachaithe: LLC Construction Bureau of Integrated Systems; LLC ‘Trading House “Lobaev Arms”’ | Is í Elena Lobaeva úinéir LLC Construction Bureau of Integrated Systems (LLC KBIS). Tá LLC KBIS mar chuid de ghrúpa eintiteas Lobaev, a mhonaraíonn raidhfíli ardchruinnis. Déanann LLC KBIS speisialtóireacht i bhforbairt agus i dtáirgeadh píolótach arm ardchruinnis agus fadraoin, córas lámhaigh, agus táirgí nuálacha eile. Is é LLC KBIS sealbhóir na dtrádmharcanna ‘Lobaev Robotics’ agus ‘Lobaev Arms’. Úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise raidhfíli Lobaev Arms (a mhonaraíonn LLC ‘Trading House “Lobaev Arms”’) i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ceannaíonn Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise raidhfíli Lobaev Arms go hoifigiúil. Dá bhrí sin, tá Elena Lobaeva ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus tá sí ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sí tairbhe as. Ina theannta sin, tá baint ag Elena Lobaeva le LLC ‘Trading House “Lobaev Arms”’ agus le LLC KBIS. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|--|--|--------------------|
| 1934. | Viktor Alekseevich NOVIKOV Rúisis: Виктор Алексеевич НОВИКОВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC UAP 'Gidravlika' Dáta breithe: 14.3.1967 Áit bhreithe: Ishimbay, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 027412035777 Eintitis chomhlachaithe: JSC UAP 'Gidravlika' | Is é Viktor Novikov Ard-Stiúrthóir JSC UAP 'Gidravlika'. Tá UAP 'Gidravlika' mar chuid de JSC 'Technodinamika' agus is cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é. Is forbróir, monaróir agus deisitheoir comhpháirteanna (lena n-áirítear innill agus scagairí) le haghaidh trealamh eitlíochta agus míleata í an chuideachta. Cuireann JSC UAP 'Gidravlika' tacaíocht ábhartha ar fáil (lena n-áirítear líonta duaithníochta arna ndéanamh ag oibrithe na cuideachta) do shaighdiúirí Rúiseacha ag an bhfronta san Úcráin. Dá bhrí sin, mar Ard-Stiúrthóir JSC UAP 'Gidravlika', tá Viktor Novikov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus tá sé ag baint tairbhe as. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|---|--|--------------------|
| 1935. | Alexey Mikhaylovich YEFREMOV Rúisis: Алексей Михайлович ЕФРЕМОВ ar a dtugtar freisin Alexey Mikhaylovich EFREMOV | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar State Unitary Enterprise ‘State Grain Operator’ Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 615435962020 Eintitis chomhlachaithe: State Unitary Enterprise ‘State Grain Operator’ (Fiontar Aonadach Stáit ‘Oibreoir Grán Stáit’) | Is Ard-Stiúrthóir é Alexey Yefremov ar State Unitary Enterprise ‘State Grain Operator’, eintiteas atá bunaithe ag na húdaráis forghabhála i réigiún Zaporizhzhia na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Ó 2022 i leith, tá saoráidí áitiúla talmhaíochta gráin á gcomhtháthú agus a dtáirgeadh á saothrú ag SUE ‘State Grain Operator’, rud a théann chun tairbhe na n-údarás forghabhála. Dá bhrí sin, tá Alexey Yefremov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin agus tá baint aige le SUE ‘State Grain Operator’. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|---|---|--------------------|
| 1936. | <p>Nikolay Konstantinovich ZHERNOV</p> <p>Rúisis: Николай Константинович ЖЕРНОВ</p> | <p>Feidhm: Stiúrtóir LLC ‘Aerofregat’</p> <p>Dáta breithe: 24.2.1981</p> <p>Áit bhreithe: Novosibirsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Eintitis chomhlachaithe: LLC ‘Aerofregat’</p> | <p>Is é Nikolay Zhernov Stiúrtóir LLC ‘Aerofregat’. Tá an chuideachta sin gníomhach i gcoimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, eadhon i bhforbairt agus táirgeadh aerárthaí gan foireann. Ó 2024 i leith, d’fhorbair an chuideachta dhá shamhail shonracha aerárthaí gan foireann, ar a dtugtar ‘Kasatka’ agus ‘Tribunal’, a bhfuil feidhmeanna míleata ag an dá cheann acu agus a úsáideadh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Nikolay Zhernov ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|---|---|--------------------|
| 1937. | Elena Alexandrovna MOROZOVA Rúisis: Елена Александровна МОРОЗОВА | Feidhm: Stiúrthóir State Museum-Preserve ‘Tauric Chersonese’ (Músaem Caomhnaithe Stáit ‘Tauric Chersonese’) Dáta breithe: 7.2.1972 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Cánach Aonair: 780428224742 | Is í Elena Morozova Stiúrthóir State Museum-Preserve ‘Tauric Chersonese’ (Músaem Caomhnaithe Stáit ‘Tauric Chersonese’), músaem in Sevastopol. Ó rinneadh ionghabháil ar an gCrimé, tá an músaem tar éis an bonn a bhaint go gníomhach d’oidhreacht chultúrtha na hÚcráine trí insintí ar son na Rúise maidir le tábhacht chultúrtha na ndéantán agus na suíomhanna tochailte a riarann sé a chur chun cinn. Tar éis ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, bhain an músaem úsáid as a chuid ardán chun an t-ionradh agus na gníomhaithe a bhí ina bhun a chur chun cinn, lena n-áirítear seachadtaí soláthairtí a eagrú chuig na línte tosaigh. Dá bhrí sin, tá Elena Morozova freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|--|---|--------------------|
| 1938. | Dmitry Vasilevich KUZYAKIN Rúisis: Дмитрий Васильевич КУЗЯКИН | Feidhm: Ard-Stiúrthóir agus comhúinéir LLC ‘Center for Integrated Unmanned Solutions’ Dáta breithe: 29.6.1974 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 501306766736 | Is é Dmitry Kuzyakin bunaitheoir, Ard-Stiúrthóir agus chomhúinéir LLC ‘Center for Integrated Unmanned Solutions’, cuideachta atá mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. Bíonn LLC ‘Center for Integrated Unmanned Solutions’ ag plé le timthriall iomlán na gcóras radhairc céadphearsan le haghaidh úsáid chomhraic, ó oiliúint a chur ar phearsanra maidir le píolótú agus úsáid éifeachtach go táirgeadh feistí deiridh agus trealaimh talún. Lonnaithe in Zhukovsky, i réigiún Mhoscó arb é croílár thaighde eitlíochta na Rúise, forbraíonn agus táirgeann LLC ‘Center for Integrated Unmanned Solutions’ aerárthaí gan foireann a chuirtear ar fáil d’Fhórsaí Armtha na Rúise agus a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Dmitry Kuzyakin ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándaíl san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n- áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|---|--|--------------------|
| 1939. | <p>Sergey Anatolyevich KOGOGIN</p> <p>Rúisis: Сергей Анатольевич КОГОГИН</p> | <p>Feidhm: Ard-Stiúrthóir Bhord Bainistíochta KAMAZ PJSC</p> <p>Dáta breithe: 16.11.1957</p> <p>Áit bhreithe: Bolshie Klyuchi, Tatarstan, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 164804995925</p> | <p>Is é Sergey Kogogin Ard-Stiúrthóir KAMAZ Publicly Traded Company (KAMAZ PJSC).</p> <p>Is forbróir agus monaróir feithiclí agus trealaimh mhíleata de chuid na Rúise é KAMAZ PJSC. Tháirg sé na feithiclí KAMAZ-5350, KAMAZ-6350 agus KAMAZ-6560, feithiclí a mbaineann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise úsáid astu le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. I mí na Samhna, luaigh KAMAZ PJSC go raibh a mhonarcha ag oibriú ag na teorainneacha acmhainneachta a bhí aige chun orduithe arm a chomhlíonadh. D'eisigh sé físeán freisin i mí Aibreáin 2022 inar baineadh úsáid as an tsiombail 'Z', a léiríonn tacaíocht don oibríocht san Úcráin.</p> <p>Dá bhrí sin, agus é ina Ard-Stiúrthóir ar KAMAZ PJSC, tá Sergey Kogogin ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus tá baint aige le KAMAZ PJSC.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|---|--|--------------------|
| 1940. | Vladislav Vladimirovich KUZHEL Rúisis: Владислав Владимирович КУЖЕЛЬ | Feidhm: Scairshealbhóir de chuid LLC ‘Moscow Arms Company’ Dáta breithe: 6.8.1971 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 572500836211 | Is é Vladislav Kuzhel an t-aon scairshealbhóir ag LLC ‘Moscow Arms Company’ a mhonaraíonn airm agus armlón, go háirithe raidhfíli naoscaire de shraith Raptor Tactical agus Specter, d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Ó 2022 i leith, baineann naoscáirí Fhórsaí Armtha na Rúise úsáid as raidhfíli naoscaire den tsraith Raptor i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann LLC ‘Moscow Arms Company’ feabhas ar dhearadh a raidhfíli monaraithe i gcomhar le Fórsaí Armtha na Rúise agus le hOllscoil Fhórsaí Speisialta na Rúise (Gudermes). Baineann naoscáirí Rúiseacha úsáid as raidhfíli a tháirgeann ‘ LLC ‘Moscow Arms Company’ ag an túsline. Cuireadh ar a laghad 350 coimpléasc raidhfíli naoscaire a mhonaraigh LLC ‘Moscow Arms Company’ ar fáil d’Fhórsaí Armtha na Rúise. Dá bhrí sin, tá Vladislav Kuzhel ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|--|---|--------------------|
| 1941. | <p>Yaroslav Viktorovich TABOLSKY</p> <p>Rúisis: Ярослав Викторович ТАБОЛЬСКИЙ</p> | <p>Feidhm: Ard-Bhainisteoir LLC 'Moscow Arms Company'</p> <p>Dáta breithe: 6.8.1981</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 772577927403</p> | <p>Is é Yaroslav Tabolsky Ard-Bhainisteoir LLC 'Moscow Arms Company', a mhonaraíonn airm agus armlón, go háirithe raidhfíli naoscaire de shraith Raptor Tactical agus Specter, d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Ó 2022 i leith, baineann naoscáirí Fhórsaí Armtha na Rúise úsáid as raidhfíli naoscaire den tsraith Raptor i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann LLC 'Moscow Arms Company' feabhas ar dhearadh a raidhfíli monaraithe i gcomhar le Fórsaí Armtha na Rúise agus le hOllscoil Fhórsaí Speisialta na Rúise (Gudermes). Baineann naoscáirí Rúiseacha úsáid as raidhfíli a tháirgeann LLC 'Moscow Arms Company' ag an túsline. Cuireadh ar a laghad 350 coimpléasc raidhfíli naoscaire a mhonaraigh LLC 'Moscow Arms Company' ar fáil d'Fhórsaí Armtha na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, tá Yaroslav Tabolsky ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|--|--|--------------------|
| 1942. | <p>Nikolay Dmitrievich ROGALEV</p> <p>Rúisis: Николай Дмитриевич РОГАЛЁВ</p> <p>ar a dtugtar freisin Nikolay Dmitrievich Rogalyov</p> | <p>Feidhm: Reachtair na hOllscoile Náisiúnta Taighde ‘Moscow Power Engineering Institute’ (Institiúid Innealtóireachta Cumhachta Mhoscó)</p> <p>Dáta breithe: 17.2.1962</p> <p>Áit bhreithe: Urussu, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 501707136280</p> | <p>Is é Nikolay Rogalev reachtair na hOllscoile Náisiúnta Taighde ‘Moscow Power Engineering Institute’ (‘Institiúid Innealtóireachta Cumhachta Mhoscó), ollscoil phoiblí sa Rúis. Tá an ollscoil rannpháirteach go gníomhach san fheachtas ‘Universities for the Front!’ (Ollscoileanna don Fhrona!), ar feachtas é atá á chomhordú ag Aireacht Eolaíochta agus Ardoideachais Chónaidhm na Rúise. Mar chuid den fheachtas sin, seolann ollscoileanna na Rúise cúnamh ábhartha chuig saighdiúirí Rúiseacha atá ag glacadh páirt sa chogadh foghach ar an Úcráin. Tá Institiúid Innealtóireachta Cumhachta Mhoscó rannpháirteach sna gníomhaíochta sin. Seolann a mic léinn agus a foireann trealamh (mar shampla málaí droma, veisteanna piléardhíonacha, fearais gharchabhrach oirbheartaíochta agus sínteáin) chuig saighdiúirí. Ag saotharlann thurgnamhach na hInstitiúide, táirgeadh trealamh súpáire agus soirn do shaighdiúirí agus seoladh ansin iad chuig saighdiúirí ag na línte tosaigh. Ina cháil mar reachtair na hOllscoile Náisiúnta Taighde ‘Institiúid Innealtóireachta Fuinnimh Mhoscó, tá Nikolay Rogalev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|---|--|---|--------------------|
| 1943. | Ravil Ramilievich NURGALEEV Rúisis: Равиль Рамильевич НУРГАЛЕЕВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC 'Molot-Oruzhie' Dáta breithe: 9.10.1974 Áit bhreithe: Sosnovka, Dúiche Vyatsko-Polyansky, réigiún Kirov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann | Is Ard-Stiúrthóir é Ravil Nurgaleev ar LLC 'Molot-Oruzhie', cuideachta Rúiseach a dhearann agus a mhonaraíonn airm, go háirithe gránghunnaí de shraith Vepr-12, d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, a mbaintear úsáid astu i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Táirgeann an chuideachta modhuithe éagsúla ar an meaisínghunna RPK 74 agus ar an lainseálaí gránáide uathoibríoch ASG-17, a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|--|------|----------------------|---|--------------------|
| | | | <p>Tá LLC ‘Molot-Oruzhie’ faoi úinéireacht LLC ‘NORTEX’, atá faoi úinéireacht Ravil Nurgaleev. Dá bhrí sin, ní hamháin gurb é Ravil Nurgaleev Ard-Stiúrthóir LLC Molot-Oruzhie, ach is é a úinéir tairbhiúil é freisin. Thairis sin, mar ionadaí de thionól reachtach réigiún Kirov, mar chomhalta den pháirtí polaitiúil ‘United Russia’ agus mar chomhalta de bhord na n-iontaobhaithe den ‘Za Vyatka Charitable Foundation’, tá Ravil Nurgaleev ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, mar Ard-Stiúrthóir agus úinéir tairbhiúil LLC ‘Molot-Oruzhie’, tá Ravil Nurgaleev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, agus tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p> | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|-------|--|--|--|--------------------|
| 1944. | Alexey Viktorovich CHADAYEV Rúisis: Алексей Викторович ЧАДАЕВ | Feidhm: Stiúrthóir ar f Scientific-Research Centre ‘Ushkuynik’ Dáta breithe: 30.9.1978 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann | Tá Alexey Chadayev ina Stiúrthóir ar Scientific-Research Centre ‘Ushkuynik’, cuideachta a tháirgeann aerárthaí gan foireann chun tairbhe d’fhórsaí míleata na Rúise. Is é a phríomhtháirge an t-aerárthach gan foireann dlúth-raoin snáthoptaice atá frithsheasmhach in aghaidh cogaíochta leictreonaí, ar a dtugtar ‘Kniaz Vandal Novgorodskiy’ (KVN), a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá cead ag an gcuideachta freisin ó Rialtas na Rúise iarrachtaí innealtóirí aerárthaí gan foireann agus cuideachtaí tógála a aontú agus a chomhordú chun cineálacha aerárthaí gan foireann a chruthú agus a thástáil in Veliky Novgorod. Dá bhrí sin, tá Alexey Chadayev ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | +?; |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|-------|--|--|---|---|
| '543. | <p>Joint Stock Company 'Research Institute of Space Instrumentation'</p> <p>Rúisis: Акционерное общество 'Научно- Исследовательский Институт Космического Приборостроения'</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC Research Institute of Space Instrumentation</p> <p>ar a dtugtar freisin АО 'НИИ КП'</p> | <p>Seoladh: Aviamotornaya 53, Moscó, Cónaidhm na Rúise</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 25.5.2020</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1207700173581</p> <p>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7722488005</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Alexey Alekseevich Shashkov</p> | <p>Is cuideachta taighde agus monaraíochta Rúiseach í JSC Research Institute of Space Instrumentation, a bhuaigh conradh soláthair rialtais chun comhpháirteanna leictreonacha ardteicneolaíochta a fhorbairt agus a tháirgeadh do thionscal cosanta na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Research Institute of Space Instrumentation mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata..</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|--|--|---|---|
| 544. | <p>Limited Liability Company 'Construction Bureau of Integrated Systems'</p> <p>Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью 'Конструкторское Бюро Интегрированных Систем'</p> | <p>Seoladh: 249100, Cónaidhm na Rúise, Kaluga region, Tarus district, Tarusa, Lenin street, Zd. 61, Str. 1, Office 1</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 8.5.2003</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1037703022158</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7703371192</p> <p>Uimhir KPP: 401801001</p> <p>Seoltaí ríomhphoist: kbis111olga@mail.ru; cannon49@mail.ru</p> | <p>Tá LLC Construction Bureau of Integrated Systems(LLC KBIS) mar chuid de ghrúpa eintiteas Lobaev, a mhonaraíonn raidhfilí ardchruinnis. Déanann LLC KBIS speisialtóireacht i bhforbairt agus i dtáirgeadh píolótach arm ardchruinnis agus fadraoin, córas lámhaigh agus táirgí nuálacha eile. Is é LLC KBIS sealbhóir na dtrádmharcanna 'Lobaev Robotics' agus 'Lobaev Arms'. Ceannaíonn Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise raidhfilí Lobaev Arms (a mhonaraíonn LLC 'Trading House "Lobaev Arms"') go hoifigiúil agus úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise iad i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|--|--|----------------------|--|--|
| | <p>ar a dtugtar freisin ООО ‘Конструкторское Бюро Интегрированных Систем’</p> <p>ar a dtugtar freisin LLC KBIS</p> <p>ar a dtugtar freisin LLC Design Bureau of Integrated Systems</p> <p>ar a dtugtar freisin LLC Design Bureau of Integration Systems</p> <p>ar a dtugtar freisin ООО КБИС</p> | | <p>Dá bhrí sin, tá LLC KBIS ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus tá sé ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ós rud é go bhfuil sé ag glacadh páirt i bhforbairt na teicneolaíochta míleata agus an trealaimh mhíleata, tá LLC KBIS ag tacú go hábharthach le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus baineann sé tairbhe as.</p> <p>Ina theannta sin, tá LLC KBIS bainteach le LLC ‘Trading House “Lobaev Arms”’ toisc gur ag LLC KBIS a bhfuil an trádmharc ‘Lobaev Arms,’ agus forbraíonn sé raidhfíli Lobaev Arms, agus tá LLC ‘Trading House ”Lobaev Arms”’ freagrach as olltáirgeadh agus saincheapadh na raidhfíli sin.</p> | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|--|--|---|---|
| 545. | <p>Limited Liability Company ‘Trading House ‘Lobaev Arms’</p> <p>Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью ‘Торговый Дом ‘Лобаев Армс’</p> <p>ar a dtugtar freisin ООО Торговый Дом Лобаев Армс</p> <p>ar a dtugtar freisin Лобаев Армс</p> | <p>Seoladh: 249100, Cónaidhm na Rúise, Kaluga region, Tarus district, Tarusa, Lenin street, Zd. 61, Str. 1, Office 1</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 15.7.2016</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1164027059382</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 4018011096</p> <p>KPP: 401801001</p> | <p>Is díoltóir miondíola arm é LLC ‘Trading House ‘Lobaev Arms’ (LLC Lobaev Arms), lena n-áirítear raidhfíli Lobaev Arms, agus armlón. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as raidhfíli arna ndéanamh ag Lobaev Arms i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá úsáid fhorleathan na raidhfíli a tháirgeann Lobaev Arms ar cheann de shiombailí chogadh foghach na Rúise. Dá bhrí sin, tá LLC Lobaev Arms ag tacú go hábharthach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ceannaíonn Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise raidhfíli Lobaev Arms go hoifigiúil, agus, dá bhrí sin, tá LLC Lobaev Arms ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.</p> <p>Ina theannta sin, tá baint ag LLC Lobaev Arms le LLC Construction Bureau of Integrated Systems, a bhfuil an trádmarc ‘Lobaev Arms’ aige agus atá freagrach as raidhfíli Lobaev Arms a fhorbairt.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|---|--|--|---|
| 546. | <p>Limited Liability Company 'Stan'</p> <p>Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью 'Стан'</p> <p>ar a dtugtar freisin СТАН ООО</p> <p>ar a dtugtar freisin STAN LLC</p> <p>ar a dtugtar freisin ООО 'Стан'</p> | <p>Seoladh: 127018, Cónaidhm na Rúise, Moscó, Ul. Sushchevskiy Val, D. 18</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 17.12.2009</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1097746813010</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7703712332</p> <p>KPP: 771501001</p> <p>Suíomh gréasáin: https://stan-company.ru/</p> | <p>Is monaróir meaisín-uirlise Rúiseach é LLC Stan a tháirgeann meaisíní rialaithe uimhriúil nua-aimseartha le haghaidh tionscail ardteicneolaíochta, lena n-áirítear an t-aeraspás agus an chosaint. Oibríonn an chuideachta faoi RT-Capital de State Corporation Rostec, agus soláthraíonn sí ardmheaisíní druileála agus muilleála, mar shampla an VMB 55, le haghaidh na bhfiontar a bhfuil baint acu le monarú aerárthaí agus inneall. Sholáthair LLC Stan innealra mór le haghaidh Tupolev PJSC, a tháirgeann na hiompróirí diúracán straitéiseacha, Tu-160. Shínigh LLC Stan conarthaí dar luach breis agus 14 bhiliún rúbal le príomhfhiontair chosanta, lena n-áirítear UEC-Kuznetsov, Uralvagonzavod agus Admiralty Shipyards. Rannchuidigh LLC Stan le trealamh teicniúil a sholáthar athuair do 123rd Aircraft Repair Plant agus do Tactical Missile Armament Corporation. Ina theannta sin, úsáidtear a mheaisín-uirlisí chun innill PD-8 agus PD-14 a tháirgeadh le haghaidh aerárthaí míleata, lena n-áirítear aerárthaí amfaibiacha SJ-100 agus Be-200. Tá Be-200 á oibriú ag an 859ú Lárionad um Úsáid Chomhraic na hEitlíochta Cabhlaigh in Yeysk. Dá bhrí sin, tá LLC Stan ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Tá LLC Stan ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|---|--|--|---|
| 547. | <p>Joint Stock Company 'Soedinitel'</p> <p>Rúisis: Акционерное общество 'Соединитель'</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC 'Soedinitel'</p> <p>ar a dtugtar freisin АО 'Соединитель'</p> | <p>Seoladh: 456313, Chelyabinsk region, Miass district, Miass, Turgoyak highway, 11/5, Cónaidhm na Rúise</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 24.3.1993</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1027400875149</p> <p>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 7415015198</p> <p>OKPO: 21620758</p> | <p>Is fiontar é JSC Soedinitel a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn nascóirí, chomh maith le cóimeálacha cábla sainchuspóireacha dar feidhm oibriú i dtimpeallachtaí ionsaitheacha, creimneacha, agus ar féidir leo brúnna arda agus athruithe suntasacha teochta a sheasamh. Déanann JSC Soedinitel taighde agus forbairt ar mhaithe leis Aireacht Cosanta agus Aireacht Tionscail agus Trádála Chónaidhm na Rúise, agus tá ceadúnas aige chun trealamh míleata a fhorbairt, a tháirgeadh agus a dhíol, agus tá ceadúnas aige rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe. Úsáideann JSC Soedinitel (amh)ábhair agus (amh)c(h)omhpháirteanna de mhonarú na Rúise, agus cuireann sé clár ionadaithe allmhairiúcháin na Rúise chun feidhme go gníomhach, agus monaraíonn sé táirgí do choimpléasc tionsclaíoch agus míleata Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Soedinitel ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus baineann sé tairbhe as, lena n-áirítear trína bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, agus tá sé ag tacú freisin le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|--|--|--|---|
| 548. | <p>Joint Stock Company Volga Shipping</p> <p>Rúisis: Акционерное Общество ‘Судоходная Компания ‘Волжское Пароходство’</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC Volga Shipping</p> | <p>Seoladh: 603001, Nizhny Novgorod Region, Nizhny Novgorod, Markina Sq., Bldg.15A, Cónaidhm na Rúise</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1025203016717</p> <p>Dáta clárúcháin: 21.8.2002</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 5260902190</p> <p>KPP: 526001001</p> | <p>Tá JSC Volga Shipping ar cheann de na príomhchuideachtaí loingseoireachta Rúiseacha. Bainistíonn sé na soithí a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> <p>Dá bhrí sin, is eintiteas é JSC Volga Shipping atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchoibhsú na hÚcráine.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|---|---|--|------|
| 549. | <p>Petropavlovsk PLC</p> <p>ar a dtugtar freisin Atlas Mining LLC</p> | <p>Seoladh:</p> <p>Opus Restructuring LLP, 1 Radian Court, Knowlhill, Milton Keynes, Buckinghamshire, MK5 8PJ, an Ríocht Aontaithe</p> <p>Amur region, Blagoveshchensk, st. Lenina, 140/1, Cónaidhm na Rúise</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Phoiblí Theoranta</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 04343841 (an Ríocht Aontaithe)</p> <p>Dáta clárúcháin: 1994</p> <p>Suíomh gréasáin: https://petropavlovskplc.com/ru/</p> | <p>Is cuideachta mianadóireachta óir Rúiseach é Petropavlovsk PLC atá ag feidhmiú in earnáil óir na Rúise, earnáil a sholáthraíonn ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Petropavlovsk PLC páirteach in earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.</p> | 549. |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|--|--|--|---|
| 550. | <p>Joint Stock Company ‘41 Central Plant of Railway Equipment’</p> <p>Rúisis: Акционерное общество ‘41 Центральный Завод Железнодорожной Техники’</p> <p>ar a dtugtar freisin АО ‘41 Центральный Завод’</p> <p>ar a dtugtar freisin АО ‘41 Центральный Завод Железнодорожной Техники’</p> <p>ar a dtugtar freisin JSC ‘41 Central Plant’</p> | <p>Seoladh: 140008, Cónaidhm na Rúise, Lyubertsy, Proezd Proektiruemyi 4296, Vladenie 3</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic</p> <p>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Dáta clárúcháin: 18.6.2009</p> <p>Uimhir chlárúcháin: 1095027006722</p> <p>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise</p> <p>Uimhir Aitheantais Chánach: 5027150193</p> <p>KPP: 502701001</p> <p>Suíomh gréasáin: http://41zavod.ru</p> <p>Fón: +7 (495) 500-10-20</p> | <p>Is cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach é JSC ‘41 Central Plant of Railway Equipment’ a mhonaraíonn agus a sholáthraíonn coimpléisc deisiúcháin shoghluaiste d’Aireacht Cosanta na Rúise. Tá sé speisialaithe i dtrealamh a sholáthar do Thrúpaí Iarnróid Fhórsaí Armtha na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC ‘41 Central Plant of Railway Equipment’ ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.</p> | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilseacháin an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | |
|------|---|--|---|---|
